C/2024/5860

27.9.2024

Foilsiú iarratais ar chlárú ainm de bhun Airteagal 50(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí

(C/2024/5860)

Tar éis an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

‘Silifke Yoğurdu’

Uimh. CE: PGI-TR-02895 - 11.1.2023

TGFC (X) ATFC ( )

1. **Ainm nó ainmneacha [ATFC nó TGFC]**

‘Silifke Yoğurdu’

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

Poblacht na Tuirce

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó an táirge bia**

3.1. *Cineál an táirge [a liostaítear in Iarscríbhinn XI]*

Aicme 1.4. Táirgí eile de thionscnamh ainmhíoch (uibheacha, mil, táirgí déiríochta éagsúla seachas im, etc.)

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is táirge déiríochta coipthe é ‘Silifke Yoğurdu’ a fhaightear trí bhainne gabhair amháin a úsáid nó, i gcás ina bhfuil bainne gabhair gann, trí mheascán de bhainne bó agus bainne gabhair a úsáid (80:20). Le linn an táirgthe, déantar an bainne a fhiuchadh, a fhuarú agus líontar coimeádáin leis sula ndéantar é a ionaclú le saothrán tús gabhála, agus a ghoradh, faoi seach. D’fhéadfadh na coimeádáin a bheith déanta as cré-earraí, gipseam (bakraç nó helke), nó plaisteach biaghráid. Seo a leanas roinnt airíonna de ‘Silifke Yoğurdu’.

Arna tháirgeadh as bainne gabhair amháin

— Iomlán na solad (%) : 19,9 - 20,6

— Solaid neamhshaille (%) : 12,6 - 13,1

— Próitéin (%) : 7,7 - 7,8

— Saill (%) : 7,0 - 7,5

— Lachtós (%) : % 2,6 - 3,0

— Luaith (%) : 1,2 - 1,3

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj?locale=ga).

— Aigéadacht intoirtmheasctha mar aigéad lachtach (%): 1,0 - 1,1

— pH : 4,5 - 4,7

— Luachanna *L*, a*, b** : 91,7-92,1; (– 4,5) - (– 4,1), 12,5 - 12,7

— Dath : bán geal

Arna tháirgeadh as meascán de bhainne gabhair (20 % ar a laghad) agus bainne bó (80 % ar a mhéad)

— Iomlán na solad (%) : 16,5 - 17,6

— Solaid neamhshaille (%) : 10,3 - 11,1

— Próitéin (%) : 5,9 - 6,0

— Saill (%) : 6,0 - 6,5

— Lachtós (%) : 2,2 - 3,0

— Luaith (%) : 1,1 - 1,2

— Aigéadacht intoirtmheasctha mar aigéad lachtach (%): 1,0 - 1,2

— pH : 4,5 - 4,7

— Luachanna *L*, a*, b** : 91,4 - 92,0, (– 4,8)-(– 4,5), 12,9 - 13,2

— Dath : bán geal agus imir beagán bánbhuí air

Is fearr an chomhcháilíocht a bhíonn ag 'Silifke Yoğurdu', agus bíonn dea-bholadh glan céarach aige freisin i gcomparáid le hiógairt eile. Mar gheall ar an mbainne gabhair, tá dath bán geal ar 'Silifke Yoğurdu' agus tugann sé braistint mhín uachtarúil, rud a mhothaítear sa bhéal, mar gheall ar an gcion ard iomlán solad agus saille atá ann. Tá blas géar air mar gheall ar an aigéad lachtach a bhíonn ann de bharr coipeadh lachtóis. Nuair a chuirtear bainne bó leis, athraíonn an dath beagán agus d'fhéadfadh roinnt imireacha bánbhuí a bheith ann.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Agus 'Silifke Yoğurdu' á tháirgeadh, úsáidtear bainne an ghabhair mhóihéir angóra, ar a dtugtar Kara keçi (gabhar dubh) go háitiúil. Chuaigh an pór áitiúil sin i dtaithí cheana féin le haeráid na Meánmhara agus leis an tír-raon sléibhtiúil. Itheann Kara keçi claiseanna fiáine, tím, tiúilipí fiáine, craobhacha aitil agus bachlóga sprúis, nithe a fhásann go príomha sna codanna níos airde de Shléibhte Taurus. Cé go bhfuil tál bainne Kara keçi íseal, tá comhdhéanamh a chuid bainne saibhir.

Maidir le bainne bó, faightear é ó na ba a bhíonn ag innilt ar an bhfaiche i machaire Göksu agus a bheathaítear le duilleoga piseanna talún triomaithe a fhástar sa réigiún.

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainaitheanta*

Ba cheart céimeanna próiseála eile de 'Silifke Yoğurdu' a dhéanamh sa limistéar geografach a shonraítear in Airteagal 4, ag tosú le táirgeadh bainne.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Sa bhreis ar an bhfaisnéis éigeantach dá bhforáiltear sa reachtaíocht maidir le lipéadú agus cur i láthair táirgí bia, ní mór na nithe seo a leanas a bheith ar na lipéid:

— Ainm an ainmniúcháin 'Silifke Yoğurdu',

— Trádainm agus seoladh nó ainm gairid agus seoladh nó marc cláraithe an táirgeora,

— Lógó TGFC an Aontais Eorpaigh

— An lógó seo a leanas



4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

An réigiún geografach ina dtáirgtear 'Silifke Yoğurdu' go hoifigiúil, cumhdaíonn sé Ceantar Silifke i gCúige Mersin.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

An nasc atá bunaithe ar shaintréithe an táirge (dath, uigeacht agus blas), tá an nasc sin ann mar thoradh ar na tosca nádúrtha agus daonna sa limistéar geografach.

Na comhdhúile aramatacha plandabhunaithe amhail teirpéiní a bhíonn ann toisc go mbíonn na gabhair ag innilt i dtimpeallachtaí foraoise i Sléibhte Taurus , cuireann siad le blas 'Silifke Yoğurdu'. Ar an gcaoi chéanna, na ba a bhíonn ag innilt ar an bhfaiche i machaire Göksu agus a bheathaítear le duilleoga piseanna talún triomaithe, tálann siad bainne atá saibhir ó thaobh na gcomhdhúil aramatach, rudaí a chuireann le blas 'Silifke Yoğurdu'.

Agus 'Silifke Yoğurdu' á tháirgeadh, déantar bainne iógairt a fhiuchadh ar feadh tréimhse áirithe, rud a fhágann gur fearr an chomhcháilíocht a bhíonn aige ná iógairt tráchtála eile agus go dtugann sé braistint mhín uachtarúil, rud a mhothaítear sa bhéal. Cuspóir eile a bhaineann le bainne a fhiuchadh ar feadh tréimhse fhada is ea bolaithe neamh-inmhianaithe amhail bolaithe ó ainmhithe nó sciobóil a bhaint, rud a fhágann dea-bholadh glan céarach. Táirgí díghrádúcháin teirmeacha lachtóis (amhail fúránól agus maltól), teirpéiní ó phlandaí aramatacha, comhdhúile carbóinile ó choipeadh agus lachtóin ón mbainne, cuireann siad sin le blas 'Silifke Yoğurdu'. Sainiúlacht an táirge is ea an dath bán geal.

Ós rud é go bhfuil cruinníní saille bainne gabhair níos lú ná bainne bó, tá dath geal bán ar 'Silifke Yoğurdu'. Tugadh le fios le tomhais datha uirlise gur féidir 'Silifke Yoğurdu' a shaintréithriú i ngeall ar a luach ard *a** i gcomparáid le hiógairt bainne gabhair eile. An luach ard sin de a*, tá sé ann mar gheall ar an am fiuchta fada chomh maith le córas beathaithe na ngabhar móihéir angóra.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta

https://online.turkpatent.gov.tr/trademark-search/pub/#trademark_result_detail

https://ci.turkpatent.gov.tr/cografi-isaretler/detay/4482